**Caingean arna tabhairt an 4 Aibreán 2022 – Chambers agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-177/22)**

(2022/C 222/54)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alexander Chambers (Barcelona, an Spáinn) agus naonúr iarratasóirí eile (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— duillíní pá na n-iarratasóirí a bhaineann le mí an Mheithimh 2021 a neamhniú a mhéid is léiriú iad ar chinneadh deireadh a chur leis an liúntas cnapshuime atá dlite i ndáil le haisíoc costas taistil ón áit fostaíochta go dtí an áit tionscnaimh;

— cinneadh an 22 Nollaig 2021 lena ndiúltaítear don ghearán an 30 Lúnasa 2021 a neamhniú, a mhéid a thugann sé cúiseanna breise leis an gcinneadh a chonspóidtear;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Chun tacú leis an ngníomhaíocht, chuir na hiarratasóirí trí phléadáil dlí ar aghaidh atá, go bunúsach, comhionann nó cosúil leo siúd a bhfuiltear ag brath orthu i gCás T-177/22, *Mellish* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Aibreán 2022 – Polynt v ECHA**

**(Cás T-192/22)**

(2022/C 222/55)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Polynt SpA (Scanzorosciate, an Iodáil) (ionadaithe: C. Mereu agus S. Abdel-Qader, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú go bhfuil an t-iarratas seo inghlactha agus go bhfuil bunús leis;

— Cinneadh na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán, a seoladh trí litir an 4 Feabhra 2022 (FUP-DEV-01-21200655590-58-0000-CCH-1-2_FTR_NOTIF), lenar cuireadh mainneachtain freagra a thabhairt ar chinneadh measúnaithe sainchomhaid in iúl, a chur neamhní;

— a dhearbhú – nó a ordú do ECHA beart a ghlacadh lena ndearbhaítear – go scaoiltear an t-iarratasóir ón oibleagáid chun faisnéis ar bith a chur faoi bhráid ECHA tar éis scor de tháirgeadh na substainte atá i gceist, nach mbeidh ar fáil ina dhiadh sin – toisc *force majeure*; agus

— a ordú d'ECHA costais na n-imeachtaí seo a íoc go hiomlán.